Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 42

# Forbairt Tuaithe agus Pobail

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, ceanglaítear orm an cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2021, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair don bhliain.

Dlitear farasbarr €41.45 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Íocaíochtaí le Pobal***

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.3).

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar don Roinn seo.

Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt (Vóta 24) a sholáthraíonn na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur ormsa le linn dom na freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

***Nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí

- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil freagracht tharmligthe ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) as slándáil TFC a chinntiú faoi mheabhráin tuisceana
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil i bhfeidhm.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coistí Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil ag an Roinn feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Déanann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne eolas dá cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, déanfaidh mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéanfar obair leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte sin in 2021 seachas i gcás inar síneadh conradh a raibh luach €910,000 i gceist leis (gan CBL a áireamh) i ndáil le seirbhísí aeir a sholáthar chuig Árainn, mar a tuairiscíodh i dtuairisceán bliantúil na Roinne i ndáil le ciorclán 40 de 2002. Bhí gá leis an síneadh chun seirbhísí leanúnacha iompair riachtanacha a sholáthar fad is a bhí conradh nua fadtéarmach maidir le hoibleagáid seirbhíse poiblí á chur i bhfeidhm. Fógraíodh cáipéisí tairisceana do na seirbhísí sin ar eTenders i bhFeabhra na bliana 2022. I ndiaidh próiseas iomaíoch, dámhadh an conradh an 7 Meitheamh 2022.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais níos mionsonraí. Tá rialuithe i bhfeidhm fós chun comhlíonadh a chinntiú sa réimse sin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Mionsonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chomh maith chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ar an gCoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

*Forchúiteamh an mhaoinithe tionscadail faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh*

Cuireann an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) maoiniú ar fáil d'fhonn bonneagar caithimh aimsire lasmuigh nua a fhorbairt agus d'fhonn bonneagar caithimh aimsire lasmuigh atá ann cheana féin a chothabháil, a fheabhsú nó a chur chun cinn i gceantair thuaithe na hÉireann. Déanann an Roinn maoiniú ar suas go dtí 90% de chostais an tionscadail cheadaithe, agus suas go dtí €500,000 d’aon tionscadal ar leith. Is féidir an maoiniú deontais geallta a íoc i ndiaidh don obair a bheith curtha i gcrích. Mura gcuirtear an obair cheadaithe i gcrích faoi spriocdhátaí na scéime ábhartha, d’fhéadfadh nach gcuirfí amach an maoiniú uile nó cuid den mhaoiniú nó d’fhéadfadh go mbeadh aon mhaoiniú a cuireadh amach cheana le haisíoc leis an Roinn.

Chuir Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne tús le hiniúchadh ar chomhlíonadh na scéime do shampla de shé thionscadal ORIS i mBealtaine na bliana 2020. Is éard a bhí san iniúchadh ná an caiteachas a bhaineann le cuairteanna ar an láthair a thabhairt ar údaráis áitiúla ábhartha chun caiteachas a dheimhniú agus cigireacht fhisiceach a dhéanamh ar an obair atá déanta. Sainaithníodh san iniúchadh ábhair imní ardleibhéil i ndáil le tionscadal a bhainistigh Comhairle Contae Mhaigh Eo, a bhí dírithe ar dhroichead crochta 45 mhéadar ar fad a sholáthar mar chuid de shlí rothar Ghlasbhealach Acla. Gheall an Roinn go ndéanfadh sí €200,000 a íoc mar mhaoiniú ORIS, i gcomhthéacs chostas measta €250,000 an tionscadail. Fuarthas amach san iniúchadh nár gearradh ach caiteachas €59,000 suas le cód an tionscadail ar chóras cuntasaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ach gur bhain €27,000 den chaiteachas sin le sonraisc a íoc le tionscadail eile. Tabhaíodh an €32,000 a bhí fanta i ndáil le táillí gairmiúla agus duchtáil faoi thalamh do thionscadal an droichid. In ainneoin an leibhéil ísil caiteachais, d’éiligh Comhairle Contae Mhaigh Eo suim iomlán an deontais de €200,000 an 31 Deireadh Fómhair 2019, arbh é an dáta sin an scoithdháta chun an tionscadal a chur i gcrích chun críocha maoinithe deontais.

De bharr na bhfionnachtana maidir le tionscadal droichid Acla, scrúdaigh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ceithre thionscadal ORIS eile ar bhainistigh Comhairle Contae Mhaigh Eo iad. I ngach cás, sainaithníodh san iniúchadh nach raibh obair ar bith ná cuid d’obair an tionscadail déanta nuair a d’éiligh Comhairle Contae Mhaigh Eo an maoiniú tionscadail gaolmhar, arbh ionann a luach agus €850,000 do na ceithre thionscadal. Sainaithníodh freisin in dhá cheann de na tionscadail nach raibh na costais curtha i gcód i gceart.

Lorg an Roinn míniúcháin ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo i Nollaig na bliana 2020, maidir le fionnachtana na tuarascála iniúchta, agus na rialuithe a bhí i bhfeidhm sa Chomhairle ar thionscadail mhaoinithe. Ina dhiaidh sin, bhí rannpháirtíocht shuntasach ann idir an Chomhairle agus an Roinn. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin, sainaithníodh deich dtionscadal ORIS i gcás inar éiligh an Chomhairle maoiniú sular cuireadh na tionscadail i gcrích. Chuir an Roinn in iúl don Chomhairle i Samhain na bliana 2021 go raibh sí ag cur deireadh leis na comhaontuithe maoinithe do cheithre cinn de na deich dtionscadal sin, agus go raibh sí ag cur deireadh leis an maoiniú do chuid de thionscadal amháin. D’iarr an Roinn €1.09 milliún a aisíoc i dtaca leis sin. Ina theannta sin, chuir an Roinn smachtbhanna forchúitithe €161,000 i bhfeidhm i ndáil leis na tionscadail a bhí fágtha, a d’aontaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo le cur i gcrích laistigh de thréimhse shainithe.

Chomh maith leis sin, i Samhain na bliana 2021, threoraigh an Roinn fionnachtana an iniúchta inmheánaigh agus toradh na rannpháirtíochta le Comhairle Contae Mhaigh Eo a tharla i ndiaidh sin chuig an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus chuig an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. Lean an Roinn freisin ag dul i dteagmháil le Comhairle Contae Mhaigh Eo lena chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha atá aici curtha i bhfeidhm chun gealltanas riachtanach a chur ar fáil.

Choinnigh an Roinn ar bhealach níos ginearálta na córais rialaithe atá aici ar ORIS agus ar scéimeanna deontais eile faoi athbhreithniú leanúnach. Neartaigh an Roinn na rialuithe roimh fhionnachtana iniúchta ORIS agus lean an Roinn ag athbhreithniú agus ag neartú na rialuithe inmheánacha le haghaidh scéimeanna deontais. I measc na bhfeabhsuithe a rinneadh bhí;

- ceanglas ar dheontaithe chun fianaise bhreise ar chaiteachas tabhaithe a chur isteach roimh fhorchúiteamh, lena n-áirítear tuarascáil chás-staidéir a bhfuil grianghraif ‘roimh ré agus ina dhiaidh’ inti; liosta de shonraisc, agus na héilimh a bheith sínithe ag leibhéal an Stiúrthóra Seirbhísí
- aighneacht maidir le tuarascáil ar dhul chun cinn dhá thionscadal ar a laghad
- ráta cigireachta méadaithe, lena n-áirítear cigireachtaí réamhíocaíochta
- forbairt acmhainne méadaithe d’fhoireann an údaráis áitiúil
- oiliúint bhreise d’fhoireann na Roinne maidir le héilimh ar dheontais a dhearbhú
- Lámhleabhar Bainistíochta Scéime de chuid na roinne a fhorbairt chun tacú leis an bhfoireann atá páirteach i mbainistiú scéime.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus is iad seo a leanas na torthaí. Chuir an Roinn próisis láidre i bhfeidhm i dtús na paindéime lena chinntiú go leanfar leis na híocaíochtaí a phróiseáil agus le héifeachtacht na rialuithe i dtimpeallacht chianoibre. Forbraíodh na próisis agus rialuithe sin i gcomhar le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt. Tá na próisis sin daingnithe go maith laistigh den eagraíocht. Tá na próisis sin ina ngnáthnós imeachta oibriúcháin agus beidh siad fós i bhfeidhm i gcomhthéacs na cianoibre a bheidh mar chuid de chur chuige oibre cumaisc amach anseo.  Maidir le scéimeanna maoinithe, bhí €10 milliún ar fáil ag an Roinn sa bhliain 2021 don Chiste Cobhsaíochta Covid-19. Leanadh leis sin ó scéimeanna maoinithe den chineál céanna sa bhliain 2020, ach bhí an maoiniú laghdaithe go mór don bhliain 2021. Bhí soláthar agus formhaoirseacht na scéime seanbhunaithe don mhaoiniú seo sa bhliain 2021. Thabhaigh an Roinn caiteachas €16.899 milliún san iomlán ar thacaí a bhain le Covid-19 (€64.908 milliún sa bhliain 2020).

**Mary Hurley**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

14 Meán Fómhair 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Forbairt Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Maoiniú deontais a aisghabháil ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo***

Sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur shainaithin Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne neamhrialtachtaí maidir le roinnt tionscadal ar mhaoinigh an Roinn iad san am atá thart faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS). Sainaithníodh san iniúchadh nach ndearnadh aon obair, nó nach ndearnadh ach cuid den obair chomhaontaithe, faoin am a d'éiligh Comhairle Contae Mhaigh Eo suim iomláin an mhaoinithe deontais gheallta, rud a bhí contrártha do na coinníollacha a socraíodh le haghaidh na scéime. Sainaithníodh san iniúchadh freisin speansais mhíchódaithe a tabhaíodh le haghaidh tionscadail eile a muirearaíodh ar roinnt de thionscadail ORIS.

D’fhoirceann an Roinn na comhaontuithe maoiniúcháin le haghaidh ceithre thionscadal agus laghdaigh sí a ceangaltas maoiniúcháin le haghaidh tionscadal eile. D’iarr sí ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo suim €1.09 milliún a aisíoc ina leith sin freisin.  De bhreis air sin, d’fhorchuir sí smachtbhanna forchúitimh €161,000 maidir le tionscadail eile.

Tugtar breac-chuntas sa ráiteas faoi rialuithe inmheánacha freisin ar na hathruithe atá déanta ag an Roinn chun treisiú leis na rialuithe a oibríonn sí i ndáil le scéimeanna deontais.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais freisin gur tharla teagmhas ábhartha nár comhlíonadh rialacha náisiúnta soláthair ann i ndáil le conradh a bhí i mbun oibre sa bhliain 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 177,648 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 13,180 | | | |
| | | | 190,828 | 169,159 | 152,735 |
| B | Forbairt Pobal | | 168,773 | 171,164 | 202,511 |
| C | An tÚdarás Rialála Carthanas | | 4,606 | 4,127 | 4,172 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 351,027 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 13,180 | | | |
| | | | **364,207** | **344,450** | **359,418** |
| | *Lúide* | | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **43,027** | **81,580** | **84,677** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 308,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 13,180 | | | |
| | | | **321,180** | **262,870** | **274,741** |

### Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin.

Tugadh €16.86 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d’fho-mhírcheann A.7 Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus A.8 Oileáin ar aghaidh go dtí an bhliain 2022 (féach Nóta 6.4)

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 58,310,228 | 18,701,021 |
| Géilleadh iarchurtha | (16,860,000) | (13,180,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **41,450,228** | **5,521,021** |

**Mary Hurley**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

31 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 333,120 | 349,096 |
| Pá | | 10,394 | 9,318 |
| Neamhphá | | 936 | 1,004 |
| **Ollchaiteachas** | | **344,450** | **359,418** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **81,580** | **84,677** |
| **Glanchaiteachas** | | **262,870** | **274,741** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Dímheas | | 342 | — |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 12,276 | (17,900) |
| Méadú ar stoc | | (5) | (5) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **275,483** | **256,836** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,881 | 1,984 |
| **Glanchostas an chláir** | | **277,364** | **258,820** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1 | 12 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 185 | 328 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,123 | 1,111 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 21 | 21 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart | 341 | 337 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 210 | 175 |
| | | **1,881** | **1,984** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 10,355 | 10,697 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 17,864 | 15,825 |
| Stoic | 2.3 | 10 | 5 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 21,363 | 48,850 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 71 | 207 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 24,368 | 9,117 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **63,676** | **74,004** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 62 | 22 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 1,066 | 618 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 16,869 | 15,414 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **17,997** | **16,054** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 45,679 | 57,950 |
| **Glansócmhainní** | | **56,034** | **68,647** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **56,034** | **68,647** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Foirgnimh | TF agus trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 11,602 | 1,006 | 210 | 12,818 |
| Breiseanna | — | — | — | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 11,602 | 1,006 | 210 | 12,818 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 1,328 | 749 | 44 | 2,121 |
| Dímheas don bhliain | 232 | 89 | 21 | 342 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 1,560 | 838 | 65 | 2,463 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **10,042** | **168** | **145** | **10,355** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 10,274 | 257 | 166 | 10,697 |

## 2.2 Bainc agus airgead tirim

Is ionann an banc agus airgead tirim agus na hiarmhéideanna a bhí ann ag deireadh na bliana i gcuntas Phámháistir Ginearálta na Roinne.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 5 | 1 |
| Ábhair inchaite TF | 5 | 4 |
| | **10** | **5** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Athghiniúint agus forbairt tuaithe | 7,705 | 27,945 |
| Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte | 1,723 | 8,760 |
| Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne | 2,944 | 3,907 |
| Forbairt eacnamaíochta réigiúnach | 2,946 | 2,449 |
| An Clár um Sheirbhísí Pobail | 1,035 | 2,420 |
| Tacaí tuaithe | 2,450 | 1,494 |
| Leader - fochlár geilleagair tuaithe | 2,368 | 1,242 |
| Bearta na gcuntas díomhaoin | 125 | 472 |
| Coistí forbartha pobail áitiúil | — | 85 |
| Riarachán | 67 | 76 |
| | **21,363** | **48,850** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna na bpasanna taistil | 17 | 5 |
| Tuarastal ar fionraí | 52 | 202 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 2 | — |
| | **71** | **207** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann** | **Cur síos** | | |
| A.5 | Leader - fochlár geilleagair tuaithe | 8,189 | 6,816 |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe - scéim um bonneagar caithimh aimsire lasmuigh [a] | 1,253 | — |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 14,926 | 2,301 |
| | | **24,368** | **9,117** |

Nóta [a] Baineann an t-ioncam fabhraithe seo leis an aisíocaíocht atá luaite sa chuid den ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais lena bpléitear laigí sna rialuithe.

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 7 | 5 |
| Fabhruithe clár sainiúil | 39 | - |
| Caiteachais riaracháin | 11 | 7 |
| Fabhruithe eile | 5 | 10 |
| | 62 | 22 |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 190 | 199 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 106 | 94 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 52 | 26 |
| Cáin bhreisluacha | 39 | 16 |
| | 387 | 335 |
| | | |
| Bailte slachtmhara | 612 | 230 |
| Eile | 67 | 53 |
| | **1,066** | **618** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le géilleadh | 41,450 | 5,521 |
| Géilleadh iarchurtha | 16,860 | 13,180 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (41,441) | (3,287) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **16,869** | **15,414** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 17,864 | 15,825 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 71 | 207 |
| | 17,935 | 16,032 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,066) | (618) |
| | (1,066) | (618) |
| | | |
| | **16,869** | **15,414** |

## 2.10 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 68,647 | 40,433 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 321,180 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (16,860) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (41,450) | | |
| Glanvóta | | | 262,870 | 274,741 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,881 | 1,984 |
| Míreanna neamhairgid - sócmhainní caipitil a aistríodh | 2.1 | | — | 10,309 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (277,364) | (258,820) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **56,034** | **68,647** |

## 2.11 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 292 | 61 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 109,106 | 106,703 |
| Cláir deontas caipitil | 244,996 | 191,459 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **354,394** | **298,223** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 106,703 | 110,497 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (163,432) | (188,823) |
| Ceangaltais deontas nua | 165,835 | 185,029 |
| **Iarmhéid deiridh** | **109,106** | **106,703** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 191,548 | 232,283 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (163,815) | (154,232) |
| Ceangaltais deontas nua | 217,263 | 113,408 |
| **Iarmhéid deiridh** | **244,996** | **191,459** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 10,579 | 10,394 | 9,318 |
| ii | Taisteal agus cothú | 372 | 95 | 129 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 663 | 373 | 325 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 72 | 53 | 146 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 402 | 205 | 320 |
| vi | Costais áitribh oifige | 313 | 43 | 64 |
| vii | Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 330 | 167 | 20 |
| viii | Taighde | 100 | — | — |
| | | **12,831** | **11,330** | **10,322** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €372,000; toradh €95,000*

Bhí an t-easnamh €277,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe i gceist mar gheall ar thionchar leanúnach na paindéime agus ar an méadú ar úsáid áiseanna cruinnithe ar líne.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €663,000; toradh €373,000*

Bhí an t-easnamh €290,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an meastachán mar gheall ar thionchar leanúnach na paindéime ar dheiseanna oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha chomh maith. Tá an dara ceann acu sin in ann a bheith ag athrú agus bhí siad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €402,000; toradh €205,000*

Bhí an t-easnamh €197,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall go raibh sé deacair trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha a fháil de dheasca phaindéim Covid-19.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €313,000; toradh €43,000*

Bhí an t-easnamh €270,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar áitribh agus áiseanna oifige ag suíomhanna i mBéal an Átha agus in Trinity Point araon a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí sé dúshlánach obair agus uasghrádú na hoifige a chur i gcrích le linn na paindéime.

**vii Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €330,000; toradh €167,000*

Bhí an t-easnamh €163,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar úsáid comhairleoirí a bhí níos lú ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus mar gheall ar an tionchar leanúnach a bhí ag an bpaindéim ar an gcineál sin oibre.

**viii Taighde**

*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas*

Ba mar gheall ar amlínte a bhí níos faide ná mar a bhí beartaithe i dtaobh tionscadal taighde ilbhliantúil a sholáthar a bhí an t-easnamh €100,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

## Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 6,040 | 6,427 | 5,218 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,146 | 500 | 572 |
| A.3 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | | 2,166 | 2,150 | 1,969 |
| A.4 | Tacaí tuaithe [a] | | 23,243 | 31,928 | 18,702 |
| A.5 | Leader - fochlár geilleagair tuaithe | | 44,000 | 55,954 | 45,439 |
| A.6 | Forbairt eacnamaíoch réigiúnach | | 3,070 | 3,836 | 3,374 |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe [b] | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 87,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 11,780 | | | |
| | | | 98,780 | 58,011 | 67,996 |
| A.8 | Oileáin | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 10,983 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | | | |
| | | | 12,383 | 10,353 | 9,465 |
| | | | **190,828** | **169,159** | **152,735** |

Nótaí [a] A.4 - Áirítear i dtacaí tuaithe an clár ar a dtugtar CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus Scéim na Siúlóidí.

[b] A.7 - Is éard atá i gceist le hathghiniúint agus forbairt tuaithe ná an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte (TVRS), agus an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS).

### Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €21.669 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Bhain €259,000 den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €21.41 milliún mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha:

**A.4 Tacaí tuaithe**

*Soláthar meastacháin €23.243 milliún; toradh €31.928 milliún*

Soláthraítear faoin bhfo-mhírcheann seo maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna seo, lena n-áirítear Scéim na Siúlóidí agus CLÁR, chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Bhí méadú €8.685 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gheall ar éileamh breise den chuid is mó faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil, a maoiníodh le coigiltí ó áiteanna eile.

**A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe**

*Soláthar meastacháin €44 mhilliún; toradh €55.954 milliún*

Tháinig méadú €11.954 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall gur clár ilbhliantúil é Leader agus mar go raibh leibhéil seachadta in 2021 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis de réir mar a bhí an clár ag teacht chun críche, maoiníodh an t-éileamh breise le coigiltí in áiteanna eile.

**A.6 Forbairt eacnamaíoch réigiúnach**

*Soláthar meastacháin €3.07 milliún; toradh €3.836 milliún*

Bhí méadú €766,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhaoiniú breise go príomha faoin gClár um Nuálaíocht Dhigiteach, a maoiníodh le coigiltí ó áiteanna eile.

**A.7 Athghiniúint agus forbairt tuaithe**

*Soláthar meastacháin €98.78 milliún; toradh €58.011 milliún*

Bhí an t-easnamh €40.769 milliún ar chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar choigiltí den chuid is mó faoi ghné an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) den fho-mhírcheann seo. Cuireadh moill ar thógáil na dtionscadal caipitil mórscála i gceantair thuaithe mar gheall ar na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm agus, mar thoradh air sin, dúnadh suíomhanna tógála go dtí Bealtaine na bliana 2021. Chuir sé sin moill ar thionscadail a bhí á dtógáil agus tionscadail nua araon a bhí ag bogadh ar aghaidh chuig céim na tógála. Baineadh úsáid as na coigiltí in áiteanna eile chun soláthar breise a mhaoiniú faoin gclár Leader, faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúla, faoin gClár um Fheabhsú Pobail agus faoi Thionscadail Nuálaíochta Digití. Tugadh €15 mhilliún den choigilt ar aghaidh le húsáid sa bhliain 2022 tríd an socrú géillte iarchurtha.

**A.8 Oileáin**

*Soláthar meastacháin €12.383 milliún; toradh €10.353 milliún*

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar na tionscadail chaipitil a sholáthar ar oileáin amach ón gcósta a tharla an t-easnamh €2.03 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Mar gheall ar dhúnadh na suíomhanna tógála go dtí Bealtaine 2021, cuireadh moill leis na tionscadail chaipitil a sholáthar agus ar an leibhéal éilimh laistigh den earnáil tógála, leanadh de dhúshláin a chruthú maidir le hobair a chonrú do na hoileáin i bhfianaise an ualaigh bhreise ar chonraitheoirí maidir le hinnealra a thabhairt chuig na hoileáin agus amach astu. Tugadh €1.86 milliún den choigilt ar aghaidh le húsáid sa bhliain 2022 tríd an socrú géillte iarchurtha.

## Clár B Forbairt Pobail

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 4,392 | 3,931 | 4,007 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,027 | 430 | 424 |
| B.3 | Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 17,545 | 17,542 | 16,571[a] |
| B.4 | SICAP, tacaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 45,066 | 45,066 | 44,065 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | 2,405 | 2,399 | 2,193 |
| B.6 | Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 6,500 | 6,500 | 6,500 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 12,570 | 12,481 | 12,570 |
| B.X | Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19) | — | — | 37,000 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 6,967 | 6,967 | 9,862 |
| B.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 1,179 | 1,179 | 1,154 |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne | 7,731 | 7,731 | 7,731 |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail | 4,501 | 8,048 | 11,237 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 48,890 | 48,890 | 46,890 |
| B.13 | Ciste Cobhsaíochta Covid-19 | 10,000 | 10,000 | — |
| B.14 | Líonraí rannpháirtíochta poiblí | — | — | 2,307 |
| | | **168,773** | **171,164** | **202,511** |

Nóta [a] Leis an toradh €16.571 milliún do B.3 do 2020, áirítear €325,000 i gcaiteachas a tabhaíodh faoi fho-mhírcheann B.13 Aonaid um Uilechuimsitheacht Shóisialta. Cuireadh an fo-mhírcheann sin ar scor sa bhliain 2021 agus cumascadh é le fo-mhírcheann B.3 mar gheall ar an ailíniú a bhí ann leis an réimse sin. Don bhliain 2021, baineadh úsáid as fo-mhírcheann B.13 le haghaidh caiteachais faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). €168.773 milliún an meastachán a bhí ann ar dtús. Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €2.391 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí easnamh €1.058 milliún ar chaiteachas i gceist leis an méid sin maidir le caiteachas riaracháin, a míníodh roimhe seo, agus bhí méadú €3.499 milliún ar chaiteachas ann maidir le caiteachas clár eile. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a bhí caitheamh breise ann:

**B.11 An Clár um Fheabhsú Pobail**

*Soláthar meastacháin €4.501 milliún; toradh €8.048 milliún*

Bhí méadú €3.547 milliún ar chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar éileamh breise a tháinig chun cinn faoin gClár um Fheabhsú Pobail, agus bhí maoiniú breise dírithe go sonrach ar thacaí riachtanacha maoinithe caipitil a sholáthar do ghrúpaí pobail agus deonacha i gcomhthéacs phaindéim Covid-19, agus an maoiniú atá ar fáil faoi láthair faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19 á chomhlánú.

## Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 147 | 36 | 93 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 79 | 7 | 8 |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | 4,370 | 4,084 | 4,071 |
| C.4 | An Binse Achomhairc Carthanas | 10 | — | — |
| | | **4,606** | **4,127** | **4,172** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €479,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €183,000 den tsuim sin le caiteachas riaracháin agus míníodh é cheana. Tharla iarmhéid na difríochta €296,000 mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha.

**C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas**

*Soláthar meastacháin €4.37 milliún; toradh €4.084 milliún*

Ba mar thoradh ar chostais chláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr dúshláin leanúnacha earcaíochta a bhí easnamh €286,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ilghnéitheach | 100 | 36,734 | 180 |
| 2 | Leader - fochlár geilleagair tuaithe | 26,987 | 31,278 | 27,821 |
| 3 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 3,000 | 690 | 6,724 |
| 4 | Cuntais dhíomhaoine - caiteachas clár | 12,570 | 12,481 | 49,570 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 370 | 397 | 377 |
| | *SICAP - An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail* | *—* | *—* | *5* |
| | **Iomlán** | **43,027** | **81,580** | **84,677** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €38.553 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Ilghnéitheach**

*Meastachán €100,000; réadaithe €36.734 milliún*

Tháinig fáltais bharrachais €36.634 milliún chun cinn go príomha toisc go bhfuarthas maoiniú €36 mhilliún faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail ó AE i Meán Fómhair na bliana 2021. Ní raibh an fáltas sin in ann a bheith mar chuid de Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne don bhliain 2021 mar nach raibh próiseas ceadaithe AE curtha i gcrích ag an am sin, agus mar nach raibh forchúiteamh na gcistí cinnte. Is mar thoradh ar roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas i ndáil le deontais a eisíodh i mblianta roimhe sin, agus nach raibh súil ar bith leo, a bhí na fáltais bharrachais €634,000 a bhí fágtha i gceist sa bhliain 2021.

**2 Leader - fochlár geilleagair tuaithe**

*Meastachán €26.987 milliún; réadaithe €31.278 milliún*

Is mar gheall ar leibhéil mhéadaithe íocaíochtaí faoi chlár Leader de chuid AE le linn na bliana 2021, a raibh méadú comhfhreagrach i leibhéal na bhfáltas AE a fuair an Roinn mar thoradh air, a bhí fáltais bhreise €4.291 milliún i gceist.

**3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Meastachán €3 mhilliún; réadaithe €690,000*

Tá laghdú €2.31 milliún i gceist mar gheall ar fháltais a rabhthas ag súil leo sa bhliain 2021 gan a bheith eisithe go dtí an bhliain 2022.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 7 | 15 |
| Géilleadh deonach tuarastal Airí | 16 | 7 |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (7) | (15) [a] |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **16** | **7** [a] |

Nótaí [a] Leasaíodh figiúirí na bliana 2020 chun léiriú a thabhairt ar aistriú bliantúil na n-iarmhéideanna a fágadh amach as cuntais fhoilsithe na bliana 2020.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Roinn | 166 | 166 |
| Gníomhaireachtaí | 76 | 73 |
| Iomlán | **242** | **239** |

### 5.2 Pá

| **Luach saothair fhoireann na Roinne** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 9,557 | 8,557 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 110 | 106 |
| Ragobair | 20 | 15 |
| ÁSPC an Fhostóra | 707 | 640 |
| **Pá iomlán** | **10,394** | **9,318** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 12 | 4 | 22,002 | 20,613 |
| Ragobair | 1 | 1 | 16,828 | 15,139 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | 1 | 22,444 | 20,246 |

Nóta Baineann na sonraí pá, liúntas agus luach saothair eile atá i 5.2 agus 5.3 thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta. Is féidir teacht ar fhaisnéis mhionsonraithe a bhaineann le líon na bhfostaithe agus a bpá maidir le gníomhaireachtaí na Roinne sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2021 € | 2020 € |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 7 | 9,967 | 4,607 |

Cuireadh pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le ró-íocaíochtaí in 2021.

## 5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta faoi láthair ag grád an Ard-Rúnaí, Leibhéal III, agus is ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €192,474 (amhail an 31 Nollaig 2020, €190,568).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2021 Meastachán €000 | 2021 Toradh €000 | 2020 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.3 | Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 10,848 | 10,848 | 10,528 |
| B.4 | SICAP, tacaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,733 | 2,733 | 2,855 |
| | | **13,581** | **13,581** | **13,383** |

Nóta

Is iad na scéimeanna atá páirtmhaoinithe ag maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.3 ná an Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta agus an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta. Ba é an toradh iomlán dóibh sin don bhliain 2021 ná €5.988 milliún agus €4.86 milliún faoi seach. Tá an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta páirtmhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin freisin, mar gheall ar an leibhéal éilimh atá ann don scéim, agus áirítear sa toradh do na blianta 2020 agus 2021 araon €3 mhilliún atá maoinithe trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus tá an farasbarr páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta. Úsáidtear na deontais atá páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.4 le haghaidh obair nó tionscadail atá lasmuigh den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail de chuid na Roinne ach laistigh dá héiteas, agus díriú á leagan ar eagraíochtaí a sholáthraíonn tacaí dóibhsean atá faoi mhíbhuntáiste.

### 6.2 Maoiniú AE

Is cómhaoinithe ag AE atá caiteachas faoi fho-mhírchinn A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe, B.4 Tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí SICAP (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) agus B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas.

## 6.3 Íocaíochtaí le Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn suimeanna ar fiú €72.143 milliún san iomlán iad in 2021 chun tacú leis na cláir sin mar atá leagtha amach thíos.

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2021 Toradh €000 | 2020 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| A.4 | Tacaí tuaithe | 1,450 | 983 |
| A.5 | Leader - fochlár geilleagair tuaithe | 1,698 | 916 |
| B.3 | Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 9,059 | 8,208 |
| B.4 | SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 1,500 | 1,336 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | 107 | 85 |
| B.6 | Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 1,000 | 1,000 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 3,939 | 3,680 |
| B.X | Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19) | — | 31,750 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 48,890 | 46,852 |
| B.13 | Ciste Cobhsaíochta Covid-19 | 4,500 | — |
| | **Iomlán** [a] | **72,143** | **94,810** |

Nóta: [a] Shainaithin Pobal suimeanna ar fiú €6.86 milliún san iomlán iad nach bhfuil caite go fóill i ndáil le híocaíochtaí in 2021 (€17.14 milliún sa bhliain 2020). Ara on dul le ciorclán 13/2014, cuirtear aon iarmhéideanna den sórt sin san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh le Pobal.

## 6.4 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €16.86 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

| | | €000 |
|---|---|---|
| **Míniú ar an bhfo-mhírcheann:** | | |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe | 15,000 |
| A.8 | Oileáin | 1,860 |
| | | **16,860** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn a ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an dáta ar ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Pobal | 2020 | 19 Meán Fómhair 2021 | 13 Deireadh Fómhair 2021 | 15 Deireadh Fómhair 2021 |
| An tÚdarás Rialála Carthanas | 2020 | 28 Bealtaine 2021 | 28 Bealtaine 2021 | 25 Samhain 2021 |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2020 | 9 Nollaig 2021 | 10 Eanáir 2022 | 18 Feabhra 2022 |
| Sábháilteacht Uisce hÉireann | 2020 | 12 Samhain 2021 | 18 Samhain 2021 | 6 Eanáir 2022 |